Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an t-aistriú fuinnimh agus an t-aistriú digiteach i limistéir thuaithe

(Tuairim féintionscnaimh)

(2022/C 486/09)

Rapóirtéir: **John COMER**

Comhrapóirtéir: **Luís MIRA**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	30.6.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	21.9.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	572
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	173/1/2

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá CESE den tuairim nach bhfuil an aird ná an tacaíocht a mbeifeá ag súil leis tugtha don chomhstraitéis um an aistriú fuinnimh agus an t-aistriú digiteach i limistéir thuaithe. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí fís fhadtéarmach an Choimisiúin do limistéir thuaithe an Aontais a chur chun feidhme go pras agus go ndéanfaí na geallsealbhóirí a spreagadh a bhuí leis an gComhshocrú um an Tuath. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na limistéir thuaithe is leochailí le nach bhfágfar aon duine ar lár. Tá sé ríthábhachtach díriú ar an mbochtaineacht fuinnimh agus ar na limistéir sin ina bhfuil bochtaineacht faoin tuath.

1.2. Tá CESE suite de go bhfuil an rath a bheidh ar an Eoraip amach anseo ag brath go mór ar an gcaoi a ndéileálaimid le limistéir thuaithe, is é sin ar bhealach atá cothrom leis an gcaoi a ndéileáiltear le limistéir uirbeacha. Níor cheart pobal na tuaithe a bheith faoi mhíbhuntáiste maidir leis an digitiú agus roghanna úsáide fuinnimh, e.g. go mbíonn orthu úsáid a bhaint as gluaisteáin phríobháideacha go minic mar gheall ar easpa iompair phoiblí.

1.3. Ní mór cur le ról na bpobal áitiúil le gur féidir aistriú fuinnimh cóir, mar aon leis an bhforbairt pobail, a bhaint amach trí phobail fuinnimh inbhuanaithe agus pobail fuinnimh saoránach a bhunú agus a mhéadú, pobail ina mbeidh saoránaigh, údaráis áitiúla agus FBManna ag teacht le chéile ar bhonn deonach chun sochair shóisialta agus eacnamaíocha a chur chun cinn.

1.4. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí dlús leis na beartais agus leis na hionstraimí seo a leanas:

— Beartas fuinnimh in-athnuaite: tá an beartas atá ann faoi láthair maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite bunaithe go príomha ar an ngá atá ann cur leis an acmhainneacht seachas cur leis na sineirgí le leas an phobail tuaithe. Tá an gá cur leis an acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite ríthábhachtach agus tá sé chomh tábhachtach céanna gach saincheist forbartha tuaithe a chur in iúl, a thuiscint agus a réiteach.

— Beartas tairisceana: níl an beartas tairisceana atá ann faoi láthair maidir le gléasraí cumhachta fuinnimh in-athnuaite ag cabhrú le pobail tuaithe toisc go bhfuil sé dírithe go príomha ar chostais a laghdú seachas ar na riachtanais shocheacnamaíocha atá ag muintir na tuaithe. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag gach gléasra fuinnimh in-athnuaite a bheith chomh héifeachtúil agus is féidir ó thaobh costais de agus rannchuidiú fóinteach a dhéanamh le riachtanais shocheacnamaíocha na bpobal tuaithe agus na saoránach tuaithe.

— Stóráil leictreachais: is gá d'earnáil na stórála leictreachais fás. Ar cheann de na príomhdhúshláin atá ann tá slándáil shéasúrach an tsoláthair leictreachais. Ar rudaí a chabhróidh leis sin tá stóráil ceallraí agus leictriú cliste mar aon leis an bhfreagairt ar thaobh an éilimh. Beidh gá le hidrigin ghlas a stóráil freisin mar chóras cúltaca.

— Maoiniú sonrach a chur in áirithe do na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, rud a chinnteoidh go gcaithfear an t-airgead i limistéir thuaithe.

1.5. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Ionstraim um Dhigitiú na Tuaithe (*Digital Rural Act*) a mholadh mar thríú comhpháirt de straitéis dhigiteach an Aontais, in éineacht leis an Ionstraim um Margaí Digiteacha agus an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha. Leis an digitiú, cuirfear deiseanna nua ar fáil, go háirithe do dhaoine óga, rud a d'fhéadfadh treochtaí daonra a athrú trína chur ar chumas daoine a bheith ag obair ón mbaile agus ó mhoil oibre faoin tuath.

1.6. Maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta nó de chuid an Aontais, tá CESE á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach nasc idirlín ardluais a chur ar fáil sa réigiún iomlán, lena n-áirítear limistéir inar tearc an daonra. Tá CESE á áitiú ar na rialtais na dálaí a chruthú d'oibreoirí príobháideacha chun an tseirbhís sin a sholáthar nó cuideachta stáit a úsáid chun an tseirbhís a sholáthar.

1.7. Tá CESE den tuairim gur gá d'údaráis rialtais agus do sholáthraithe seirbhíse feidhmchláir atá soláimhsithe a fhorbairt agus iad in oiriúint go sonrach do stíleanna maireachtála agus gníomhaíochtaí na tuaithe. Le cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí sin laghdófar, mar shampla, lorg carbóin na talmhaíochta (feirmeoireacht bheacht) agus cuirfear feabhas ar inrochtaineacht na limistéar iargúlta (dróin). Ní mór don earnáil phoiblí seasamh sa bhearna má theipeann ar an earnáil phríobháideach na réitigh sin a sholáthar.

1.8. Tá CESE á chur i bhfáth nach mór na deiseanna cuí a chur ar fáil d'úsáideoirí tuaithe in aoisghrúpaí éagsúla le go bhféadfaidh siad an oiliúint iomchuí a fháil agus scileanna nua a fhoghlaim chun an teicneolaíocht dhigiteach nua seo a úsáid. Ní mór don chuimsitheacht i limistéir mhídheisiúla cabhrú freisin le rochtain a fháil ar na feistí is gá, trí úsáid chomhroinnte nó trí fhóirdheontas stáit chun iad a cheannach.

1.9. Tá CESE den tuairim gur gá teicneolaíochtaí digiteacha a chur in úsáid i limistéir thuaithe chun tacú leis an aistriú fuinnimh. Ní mór córas fuinnimh na tuaithe a dhílárú, rud a chiallaíonn go bhfuil géarghá le hidirnascadh níos mó agus níos fearr, rud dá dteastaíonn go n-úsáidfear teicneolaíochtaí digiteacha chun an soláthar agus an t-éileamh a mheaitseáil agus chun sruthanna éifeachtúla fuinnimh a áirithiú. Caithfidh an cur i bhfeidhm digiteach ar leibhéal tuaithe a bheith an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de mar gheall ar an ráta úsáide níos ísle agus an dlús daonra níos ísle. Níl aon dul as ag limistéir thuaithe ach nascacht TF ísealfhuinnimh a chruthú.

1.10. Tá CESE á chur i bhfáth, agus 30 % de dhaonra an Aontais ina gcónaí i limistéir thuaithe, go bhfuil an t-aistriú fuinnimh cóir faoin tuath ina ghné lárnach den aistriú cóir go hAontas Eorpach aeráidneodrach, inbhuanaithe agus rathúil, i gcomhréir le Clár Oibre Críochach 2030.

1.11. Tá sé beartaithe sa togra ón gCoimisiún gur infheistíocht dhigiteach a bheidh in 20 % den infheistíocht faoi NextGenerationEU. Molann CESE go gcuirfeadh na Ballstáit go léir 10 % ar a laghad de na cistí sin i leataobh don saol digiteach faoin tuath gan rómhaorlathas a chruthú.

2. **An t-aistriú fuinnimh i limistéir thuaithe**

Réamhrá

2.1. Tá comhaontú ginearálta eolaíoch ann gurb é an chaoi is dócha go mbíonn tionchar ag an gcine daonna ar an athrú aeráide domhanda ná trí scaoileadh dé-ocsaíde carbóin nuair a dhóitear breoslaí iontaise.

2.2. Deir an t-eolaí aeráide Michael Mann ina leabhar *The New Climate War* go bhfuil ár bpláinéad chomh te sin anois go bhfuil sé i mbaol agus nach bhfuilimid fós ag glacadh na mbeart is gá chun an ghéarchéim dhomhanda is mó a bhí ann riamh a sheachaint.

2.3. Tá athrú contúirteach aeráide tarlaithe cheana féin i roinnt áiteanna mar gheall ar na farraigí atá ag ardú. Tá dúshláin mhóra le sárú sa Veinéis agus in Miami i ndáil leis sin. Tá glanadh ollmhór foraoise agus triomach de thoradh an athraithe aeráide tarlaithe i réigiún na hAmasóine. Is cúis mhór imní é leá oighearchaidhp an Artaigh, leá atá ag tarlú níos tapa ná mar a bhí súil leis.

2.4. Tá gá le gníomhaíocht i measc na bpáirtithe leasmhara go léir ar scála domhanda chun céimeanna a ghlacadh láithreach maidir leis an athrú aeráide, trí bhearta maolaithe agus oiriúnaithe chun an gás ceaptha teasa a laghdú. Ní mór an laghdú tapa ar úsáid breoslaí iontaise a bheith ina thosaíocht láithreach.

Limistéir thuaithe

2.5. Tá cónaí ar 130 milliún duine nó 30 % de dhaonra an Aontais i limistéir thuaithe. Tá an-éagsúlacht idir na limistéir thuaithe agus bíonn tionchar mór ag a suíomh orthu. I roinnt mhaith limistéar, go háirithe i nDeisceart na hEorpa, cuirfidh an t-athrú aeráide leis an nganntanas uisce de réir a chéile agus cuirfidh sé le líon na dtuilte agus le déine agus minicíocht falscaithe. I dTuaisceart na hEorpa, is féidir le báisteach agus stoirmeacha damáiste mór agus costasach a dhéanamh don bhonneagar. Cuirfidh teochtaí níos airde dlús leis an timthriall uisce agus lena mhinice a bheidh drochstoirmeacha ann. Léiríonn na cúinsí sin an gá atá leis an aistriú fuinnimh agus an t-aistriú digiteach is tapa is féidir a dhéanamh i limistéir thuaithe.

2.6. Ní leor an aird a tugadh go dtí seo ar choincheap an aistrithe fuinnimh i limistéir thuaithe. Is díol iontais é sin mar go bhfuil na hacmhainní is gá chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh nasctha go mór leis na limistéir thuaithe. Tá formhór an bhonneagair fuinnimh in-athnuaite, amhail tuirbíní gaoithe, gléasraí grianchumhachta agus stáisiúin cumhachta bithgháis lonnaithe i limistéir thuaithe. Gné eile de thírdhreach na tuaithe is ea iad na heangacha tarchuir. Braitheann go leor daoine a bhfuil cónaí orthu faoin tuath go bhfuil na struchtúir sin á mbrú orthu ach gur do limistéir uirbeacha a théann siad chun tairbhe.

2.7. Tá riachtanais éagsúla ar leith ag limistéir thuaithe ag brath ar an áit a bhfuil siad. Is féidir limistéir thuaithe a aicmiú mar a leanas:

— limistéir thuaithe laistigh de limistéir chomaitéireachta cathrach (raon 60 km) a bhfuil a bhforbairt comhtháite leis an gcathair.

— réigiúin tuaithe nach cuid den mhargadh saothair uirbeach iad ach ina bhfuil sreabhadh earraí agus seirbhísí comhshaoil agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile ón limistéar uirbeach isteach sa réigiún sin agus amach as.

— réigiúin tuaithe iargúlta ina mbraitheann an geilleagar áitiúil den chuid is mó ar onnmhairiú príomhghníomhaíochtaí amhail táirgí talmhaíochta amach as an réigiún. Is iondúil, go háirithe, go mbíonn na pobail scaipthe sna limistéir sin agus gur seirbhísí poiblí ar dhrochchaighdeán a bhíonn iontu.

2.8. Is iomaí dúshlán éagsúil atá roimh na limistéir thuaithe éagsúla sin maidir le haistriú fuinnimh a chur chun feidhme, rud a léiríonn a thábhachtaí atá aistriú cothrom d'fhonn an cuspóir inmhianaithe a bhaint amach.

2.9. Tá a lán limistéar tuaithe scoite amach go fisiciúil agus is beag éagsúlacht eacnamaíoch a bhíonn iontu agus bíonn dlús íseal daonra iontu. Ina lán cásanna, cuireann ioncam íseal agus daonra atá ag dul in aois le leochaileacht na bpobal tuaithe. Agus aistriú fuinnimh á chur chun feidhme, bíonn fadhbanna ollmhóra ag daoine a bhfuil cónaí orthu ina n-aonar i limistéir thuaithe iargúlta agus gan ach caidreamh sóisialta an-teoranta acu. Is fadhb mhór í an bhochtaineacht fuinnimh sna limistéir sin.

2.10. Is cuid riachtanach den aistriú fuinnimh i limistéir thuaithe méadair chliste a chur i bhfeidhm. Go dtí seo, is cosúil gur mall go leor a rinneadh méadair chliste a chur i bhfeidhm i limistéir thuaithe. Ní mór a áirithiú freisin gur féidir le teaghlaigh ar ioncam íseal agus le daoine nach bhfuil ach scileanna ríomhaireachta teoranta acu an úsáid is fearr a bhaint as méadair chliste mar chuid d'aistriú fuinnimh cóir nach bhfágtar aon duine ar lár ann. Tá EUR 25 bhilliún leithdháilte ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun tacú le scileanna digiteacha agus leis an oideachas digiteach. Ní mór do na Ballstáit sciar leordhóthanach den chiste sin a chur i leataobh do scileanna digiteacha agus don oiliúint sa litearthacht dhigiteach do mhuintir na tuaithe. Is mór an náire é nach bhfuil an t-idirlíon ar fáil i gcodanna den Eoraip go fóill agus ní mór an scéal sin a chur ina cheart a luaithe is féidir.

2.11. Tá sé curtha in iúl ag CESE sa tuairim *I dtreo straitéis iomlánaíoch maidir le forbairt inbhuanaithe tuaithe/uirbeach* [1] go gcaithfidh na beartais talmhaíochta, bhia agus tuaithe nasc a dhéanamh le beartais an athraithe aeráide agus na bithéagsúlachta. Tá gné ilfheidhmeach na talmhaíochta chomh tábhachtach céanna le gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta a chur chun cinn amhail gnólachtaí a bhunú in earnáil na seirbhísí fuinnimh ghlain chun deiseanna fostaíochta a chruthú. Ní mór acmhainneacht na ríomhthráchtála a fhiosrú.

[1] Tuairim ó CESE *I dtreo straitéis iomlánaíoch maidir le forbairt inbhuanaithe tuaithe/uirbeach*, (IO C 105, 4.3.2022, lch. 49).

2.12. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún *A long-term vision for the EU Rural Areas* ([2]) [Fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais] luaitear Comhshocrú um an Tuath atá dírithe *inter alia* ar an gcomhtháthú críochach a chothú agus deiseanna nua a chruthú chun gnólachtaí nuálacha a mhealladh. Chabhródh cur chun feidhme na físe sin le haistriú fuinnimh cóir a éascú i limistéir thuaithe. Chuir CESE in iúl sa tuairim uaidh *Fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais* ([3]) gur dhíol sásaimh dó an cur chuige sin.

Iompar

2.13. Is saincheist lárnach é an soláthar iompair tuaithe mar gheall ar dhrochchaighdeán an iompair phoiblí, a thearc agus atá an daonra agus a scoite a bhíonn daoine ó shiopaí agus ó sheirbhísí. Ina theannta sin, is minic a bhíonn ar aon duine de phobal na tuaithe atá ag obair i lárionaid uirbeacha achair fhada a thaisteal chuig a n-ionad oibre.

2.14. Tá gá le pleanáil áitiúil agus náisiúnta chun córas iompair ilmhódach a chur ar fáil le gur féidir aistriú go córas atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite. Ní mór do chóras den sórt sin roghanna éagsúla a thabhairt maidir le daoine agus earraí a iompar.

2.15. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar an aistriú fuinnimh maidir le hearraí a iompar i limistéir thuaithe. Mar shampla, ní mór seachadadh soláthairtí feirme agus bailiú táirgí feirme a bheith ina chuid thábhachtach de phleanáil an aistrithe fuinnimh. Ní mór feithiclí earraí troma (HGVanna) faoi thiomáint leictreach agus HGVanna faoi thiomáint hidrigine a bheith ar an gcuspóir atá le baint amach. Sa ghearrthéarma, d'fhéadfadh bithbhreoslaí inbhuanaithe agus feithiclí hibrideacha cabhrú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

2.16. Léiríonn an méadú mór atá tagtha ar cheannacháin ar líne, go háirithe i limistéir thuaithe, a thábhachtaí atá sé astaíochtaí gás ceaptha teasa ó veaineanna seachadta a laghdú. Chabhródh veaineanna faoi thiomáint leictreach leis an gcuspóir sin a bhaint amach a luaithe a bheidh bonneagar luchtaithe oiriúnach ar fáil. Chomh maith leis sin, beidh ar chúiréirí ceannach veaineanna faoi thiomáint leictreach a mhaoiniú. Is é an tosaíocht atá ann faoi láthair tús a chur leis an laghdú ar astaíochtaí i ngach slí is féidir.

2.17. Ní mór tús áite a thabhairt do sholáthar iompair phoiblí níos fearr i limistéir thuaithe, lena gcuimsítear laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus an cuimsiú sóisialta agus lena dtugtar deiseanna forbartha tuaithe. Ní mór féachaint ar an iompar poiblí tuaithe mar earra poiblí i gcomhthéacs an aistrithe fuinnimh agus tá gá le maoiniú poiblí, dá bhrí sin, chun an t-iompar poiblí inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú.

2.18. Glactar leis gur gné lárnach den iompar tuaithe iad na gluaisteáin phríobháideacha toisc go mbeadh sé deacair maireachtáil faoin tuath dá uireasa. Is é is gá a dhéanamh muintir na tuaithe a spreagadh an úsáid a bhaineann siad as gluaisteáin phríobháideacha a laghdú nuair is féidir agus cabhrú leo athrú go feithiclí astaíochtaí ísle a luaithe is féidir. Caithfidh tacaíocht airgeadais chun ceannach feithiclí leictreacha a chur chun cinn a bheith ina príomhchuspóir don aistriú fuinnimh i limistéir thuaithe.

2.19. Slí éifeachtach le cuar an ghlanéilimh ar leictreachas in-athnuaite a chothromú is ea an stóráil ceallraí. D'fhéadfadh úsáid fhorleathan feithiclí leictreacha cabhrú i ndáil leis sin. Nuair a chuirtear ar chumas feithiclí leictreacha leictreachas a sheoladh ar ais chuig an eangach, is féidir leis na feithiclí leictreacha gníomhú mar shócmhainn stórála ceallraí sa bhreis ar chineálacha eile stórála ceallraí. Caithfidh sé a bheith tarraingteach ó thaobh airgid de don tomhaltóir leictreachas a chur ar ais san eangach ó fheithiclí leictreacha, rud atá leagtha amach sa tuairim ó CESE *Rialachán maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla* ([4]).

Turasóireacht

2.20. Is minic a bhíonn limistéir thuaithe ag brath ar an turasóireacht mar fhoinse ioncaim tábhachtach. Dá bhrí sin, bíonn gá ag limistéir thuaithe le bonneagar breoslaí malartacha iomchuí chun tionscal na dturasóirí a spreagadh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa á laghdú ag an am céanna. Ní mór cuideachtaí fruilithe carranna a spreagadh athrú go feithiclí astaíochtaí ísle agus go feithiclí leictreacha más féidir. Le gur féidir an t-aistriú fuinnimh a chur i gcrích i limistéir thuaithe, tá gá le gníomhaíocht chun ioncam níos fearr ón turasóireacht a éascú.

([2]) COM(2021) 345.
([3]) Tuairim ó CESE *Fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh* (IO C 290, 29.7.2022, lch. 137).
([4]) Tuairim ó CESE *Rialachán maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla,* (IO C 152, 6.4.2022, lch. 138).

Leictreachas in-athnuaite

2.21. Is cuid mhór de thírdhreach na tuaithe é an leictreachas in-athnuaite amhail an ghaoth, an ghrian agus an bithghás. Ní mór do chomhchuibhiú na reachtaíochta idir na Ballstáit leasanna na dtáirgeoirí is tomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint agus infheistíochtaí i mbonneagar an fhuinnimh in-athnuaite a spreagadh. Ní mór an deis an fuinneamh a tháirgtear a dhíol san eangach náisiúnta a bheith ar fáil i ngach Ballstát. Le gur féidir neamhspleáchas fuinnimh na limistéar tuaithe a áirithiú, ní mór scéimeanna cúitimh iomchuí a bheith ann idir an fuinneamh in-athnuaite arna tháirgeadh ag an táirgeoir is tomhaltóir agus an fuinneamh a ídítear.

2.22. Tá sé ag éirí níos coitianta ceantanna a eagrú le haghaidh soláthar láraithe leictreachais in-athnuaite agus tá ag éirí leo, ina lán cásanna, costais tógála saoráidí cumhachta gaoithe agus gréine a laghdú. Bíonn, i gcoitinne, forbairt an leictreachais tuaithe nasctha den chuid is mó le dícharbónú na hearnála fuinnimh, níl aon sineirgí ann le cuspóirí forbartha tuaithe. Is minic a chuireann áitritheoirí faoin tuath i gcoinne forbairtí den sórt sin mar gur beag an tairbhe a fheiceann siad don phobal áitiúil.

2.23. Ní mór do chomharchumainn agus d'eagraíochtaí áitiúla eile a bheith páirteach sna comhaontuithe maidir le suíomhanna do na saoráidí ginte leictreachais in-athnuaite, istigh faoin tír agus i réigiúin chósta araon. Ní mór do phobail áitiúla scaireanna a shealbhú agus buntáiste áitiúil a fháil as na saoráidí sin.

2.24. Sna tionscadail mhóra sin, bíonn forbairt an fhuinnimh in-athnuaite nasctha den chuid is mó le dícharbónú na hearnála fuinnimh, is beag an bhéim a chuirtear ar an bhforbairt tuaithe. Is féidir feirmeacha gaoithe ar scála beag agus díleáiteoirí beaga grianghníomhaíochta agus anaeróbacha atá á n-oibriú ag comharchumainn agus ag daoine áitiúla a dhíriú níos mó ar an bhforbairt tuaithe agus ar chuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch na bpobal tuaithe. Tá gá le cothromaíocht a bhaint amach i ndáil leis an dá chóras sin. Cuireann pobail fuinnimh in-athnuaite agus pobail fuinnimh saoránach bealach ar fáil chun an t-aistriú fuinnimh cóir, mar aon leis an bhforbairt pobail, a bhaint amach.

2.25. I gcás-staidéar a rinneadh faoin tuath sa tSualainn (Ejdemo agus Söderholm, 2015), tugadh faoi deara nach raibh, in éagmais scéimeanna sochair don phobal, mórán deiseanna fostaíochta i gceist i réimse na forbartha tuaithe.

2.26. Is eintiteas dlíthiúil é an pobal fuinnimh saoránach ina dtagann saoránaigh, FBManna agus údaráis áitiúla le chéile mar úsáideoirí deiridh chun oibriú le chéile ar mhaithe le fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint. Ar shampla de sin tá Feldheim (sráidbhaile beag siar ó dheas ó Bheirlín) atá tar éis éirí neamhthuilleamaíoch ó thaobh fuinnimh de. Tá tuirbíní gaoithe tógtha acu sna clóis ar chúl na dtithe agus greille neamhspleách curtha ar bun acu. Íocann muintir an bhaile praghsanna íosta ar an leictreachas. Trí stáisiún cumhachta bithgháis a thógáil, d'éirigh leis an sráidbhaile líonra le haghaidh téamh ceantair a bhunú. Is sárshampla é sin de phobal fuinnimh in-athnuaite atá ag feidhmiú. Léiríonn an sampla sin freisin go bhfuil cur chuige ón mbun aníos ríthábhachtach do thodhchaí na limistéar tuaithe ([5]).

2.27. Nuair a thugtar aghaidh air ar thaobh an éilimh, aistrítear an tomhaltas leictreachais go tréimhsí sa lá nuair is féidir leis an gcóras déileáil leis an éileamh. Ní mór cuar an ghlanéilimh ar leictreachas a chothromú le linn tréimhsí buaicéilimh le go seachnófar briseadh cumhachta de réir mar a tháirgtear níos mó den leictreachas glas. Trí leas a bhaint as an stóráil ceallraí, an hidreastóráil agus an leictriú cliste, beidh níos mó solúbthachta ann maidir le cuar an ghlanéilimh a chothromú.

2.28. Agus é ag labhairt i mBaile Átha Cliath le teachtaí dála na hÉireann, dúirt an Coimisinéir um Fhuinneamh, Kadri Simson, gur fhág an cogadh san Úcráin nach bhfuil an dara rogha ag an mBruiséil ach dul chun cinn níos mó agus níos tapa a dhéanamh chun deireadh a chur le hallmhairí breosla ón Rúis. Is é a dúirt sí go ndíreoidh an tAontas, faoi thograí atá fós le comhaontú, ar 45 % dá thomhaltas fuinnimh a fháil ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. Méadú ón sprioc 32 % atá ann faoi láthair agus níos mó ná dhá oiread an sciar 22 % a bhí ann in 2020 a bheidh i gceist leis an ardú sin. Tacaíonn CESE leis an sprioc nua sin ach tá rabhadh á thabhairt aige nach féidir an sprioc sin a bhaint amach mura ndéantar dul chun cinn go gasta maidir le hinfheistíocht nua agus bhreise a dhéanamh san aistriú fuinnimh faoin tuath.

2.29. Ní shéideann an ghaoth i gcónaí agus beidh gá le córas cúltaca. Is féidir leis an hidrigin ghlas a bheith ar an dara rogha sin chun an t-éileamh éagsúil ar leictreachas a shásamh, is féidir an hidrigin ghlas a stóráil go dtí go mbíonn gá léi.

([5]) Tuarascáil ar cheardlann de chuid Pharlaimint Eorpach na Tuaithe (ERP), ceardlann 21.

Talmhaíocht

2.30. Tá an talmhaíocht lárnach d'fhorbairt agus do rathúnas fhormhór na limistéar tuaithe. Tá dúshláin ollmhóra le sárú ag an earnáil sin den gheilleagar tuaithe le go bhféadfaidh sí an t-aistriú fuinnimh a bhaint amach.

2.31. Níl an dul chun cinn mór déanta aici chun lorg carbóin innealra feirme a laghdú.

2.32. Sa tréimhse díreach romhainn, dealraíonn sé gur úsáid bithbhreoslaí inbhuanaithe an deis is fearr atá ann maidir le hastaíochtaí a laghdú toisc go bhféadfaí an t-innealra atá ann cheana a úsáid, ach é a mhodhnú go cuí.

2.33. Ní beag an costas a bhaineann le monarú bithbhreoslaí inbhuanaithe agus is féidir leo a bheith os cionn dhá oiread phraghas an díosail. D'fhéadfadh na praghsanna sin laghdú beagán de réir a chéile.

2.34. Amach anseo, nuair a bheidh innealra feirme faoi thiomáint leictreach níos coitianta, beidh sé indéanta astaíochtaí a laghdú go mór.

2.35. Is fiontar ar bhrabús íseal í an talmhaíocht den chuid is mó agus bheadh sé thar a bheith deacair, dá bhrí sin, na costais chaipitil a bhaineann le hathrú go hinnealra faoi thiomáint leictreach a íoc. Beidh an fhadhb a bhaineann leis na costais a bhaineann leis an athrú go hinnealra faoi thiomáint leictreach nó faoi thiomáint hidrigine a íoc ina fhadhb mhór maidir leis an aistriú fuinnimh sna limistéir thuaithe.

2.36. Trí phainéil ghréine a chur ar fhoirgnimh feirme, bheadh feirmeoirí in ann leictreachas glas a úsáid agus, toisc go dteastaíonn méid mór leictreachais san fheirmeoireacht, ba dhul chun cinn mór i dtreo an aistrithe fuinnimh a bheadh sa mhéid sin. D'fhéadfaí aon fharasbarr a dhíol ar ais leis an eangach.

2.37. Is cur chuige sonraíbhunaithe i leith bainistiú feirme í an fheirmeoireacht bheacht, cur chuige lenar féidir táirgeadh agus táirgeacht a fheabhsú agus lorg carbóin na feirmeoireachta a laghdú. Is féidir é sin a dhéanamh mar gheall ar an dul chun cinn sa teicneolaíocht dhigiteach, trí leas a bhaint as an gcianbhraiteacht, an córas suite domhanda (GPS) agus córais stiúrtha satailíte i dtarracóirí. Beidh an méid sin go léir, mar aon leis an gceanglas infheistíochta, oiliúna agus uas-scilithe, tábhachtach san aistriú fuinnimh i réimse na feirmeoireachta.

2.38. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ag feirmeoirí an farasbarr leictreachais a dhíol leis an eangach toisc díonta móra a bheith ar fhoirgnimh feirme na bhfeirmeoirí déiríochta agus mairteola. D'fhéadfadh feirmeoirí eile a bheith ina gcomhpháirtithe i mbunú stáisiúin cumhachta bithmhaise agus gás a dhíol leis an eangach gháis. Tá sé tábhachtach iarmhair foraoise a úsáid i stáisiúin cumhachta bithmhaise chun bainistiú foraoise a éascú sna limistéir sin ina bhfuil na hábhair sin ar fáil.

2.39. De thoradh iarmhairtí an chogaidh san Úcráin, ní mór dúinn breathnú arís ar shlándáil an tsoláthair bia san Aontas Eorpach. Is tosaíocht é an talamh a úsáid chun bia a tháirgeadh. Níor cheart a bheith in iomaíocht le suiteáil painéal ar scála tionsclaíoch ná le táirgeadh bithmhaise le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, is comhlánú ar an táirgeadh bia ba cheart a bheith sna gníomhaíochtaí eile.

Bithmheatán

2.40. Is é atá sa bhithmheatán bithghás a bhfuil an dé-ocsaíd charbóin, an tsuilfíd hidrigine agus an t-uisce bainte as, is féidir é a instealladh díreach isteach san eangach gháis nó a úsáid i bhfeithicil faoi thiomáint gháis.

2.41. Ní mór na díleáiteoirí anaeróbacha a lonnú in aice le háit ina bhfuil soláthar maith sciodair ann. Is féidir an farasbarr de shadhlas féir agus de shadhlas arbhair a úsáid freisin, ar choinníoll nach gcuireann sé isteach ar tháirgeadh bia nó farae.

2.42. Tá gá le tuilleadh taighde chun éifeachtúlacht na ndíleáiteoirí anaeróbacha a fheabhsú agus chun an costas a bhaineann leis an bpróiseas a laghdú.

2.43. Ní mór úsáid na ndíleáiteoirí anaeróbacha a chur chun cinn agus a mhaoiniú mar chuid den aistriú fuinnimh i limistéir thuaithe.

2.44. Is féidir fuinneamh bithmhaise a úsáid chun teas a tháirgeadh nó leictreachas a ghiniúint. Beidh ról ríthábhachtach ag an mbithmhais i nginiúint leictreachais in-athnuaite.

Tithe faoin tuath

2.45. Tá deis ag a lán teaghlach faoin tuath teicneolaíocht mhicrighiniúna ar nós painéil ghréine agus tuirbíní gaoithe beaga a shuiteáil, agus an deis acu an farasbarr a dhíol ar ais leis an eangach.

2.46. Tá cúnamh airgeadais de dhíth ar theaghlaigh ísealioncaim le go bhféadfaidh siad saoráidí micrighiniúna a shuiteáil. Ba chuid mhór den aistriú fuinnimh i dteaghlaigh faoin tuath an méid sin.

2.47. Tríd is tríd, ní bhíonn tithe faoin tuath inslithe chomh maith céanna ná ní bhíonn siad chomh tíosach céanna ar fhuinneamh agus a bhíonn tithe i limistéir uirbeacha. Is tithe aonair iad a lán de na tithe faoin tuath agus iad suite i suíomhanna sceirdiúla.

2.48. Tá gá le clár mór infheistíochta chun tithe faoin tuath a iarfheistiú le go bhféadfar an t-insliú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú mar chuid den aistriú fuinnimh. Céim mhór chun cinn a bheidh san infheistíocht sin ar mhaithe leis an tomhaltas fuinnimh a laghdú agus na córais téimh i dtithe faoin tuath a dhícharbónú. Beidh gá le scéim fóirdheontais toisc go mbíonn costais chaipitil an-ard i gceist i mórscéim iarfheistithe. Le go bhféadfar aistriú den sórt sin a dhéanamh, beidh cabhair speisialta ag teastáil ó theaghlaigh ar ioncam íseal agus uathu siúd a bhfuil an bhochtaineacht fuinnimh ag cur as dóibh.

3. **An t-aistriú digiteach i limistéir thuaithe**

3.1. In 2021, chuir an Coimisiún Eorpach i láthair an fhís atá aige maidir le claochlú digiteach na hEorpa faoi 2030. San fhís sin, cuirtear béim ar an ngá atá ann go n-éireoidh leis an Ionstraim um Margaí Digiteacha agus an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha spás digiteach níos sábháilte a chruthú, spás ina gcosnaítear cearta bunúsacha na n-úsáideoirí, agus cothrom iomaíochta a áirithiú do ghnólachtaí na hEorpa sa saol digiteach.

3.2. Le go bhféadfar daonra méadaitheach an domhain a chothú, agus, san am céanna, gan ach an tionchar is lú is féidir a imirt ar an gcomhshaol agus neodracht carbóin a chur chun cinn, tá gá le bonneagar digiteach agus teicneolaíoch i limistéir thuaithe chun cabhrú le húsáid éifeachtach agus bheacht a bhaint as acmhainní i réimse na feirmeoireachta. Ainneoin go bhfuil 30 % de dhaonra na hEorpa ina gcónaí i limistéir thuaithe, agus gurb ionann na limistéir sin agus 80 % de chríoch na mBallstát, tá deacrachtaí móra i gceist leis an digitiú a dhéanamh i limistéir thuaithe, mura dtabharfar aghaidh ar na deacrachtaí sin, bainfear an bonn d'uaillmhianta digiteacha na hEorpa. Tá an creat reachtach Eorpach le haghaidh Ionstraim um Dhigitiú na Tuaithe ceaptha aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí sin trí na nithe seo a leanas a chur chun cinn:

— líonra leathanbhanda a áirithiú ar bhonn cothrom do gach réigiún san Eoraip: tá cumhdach maith faoi láthair sna lárionaid mhóra uirbeacha ach cumhdach dona sna limistéir thuaithe. Mura ndéileálfar leis an bhfadhb sin ar bhonn práinneach, ní bhainfear amach na spriocanna maidir le digitiú agus d'fhéadfadh an bhearna idir réigiúin áirithe éirí níos mó,

— bonneagar: a áirithiú go ndéanfar infheistíocht phríobháideach i mbonneagar an mhíle dheireanaigh a fhorbairt, agus sochair neamhairgeadais amhail éifeachtaí móra socheacnamaíocha á gcur san áireamh,

— fothú acmhainneachta: litearthacht dhigiteach daoine a bhfuil cónaí orthu i limistéir thuaithe a fheabhsú,

— oiriúnacht: forbairt feidhmchlár lena gcomhlíontar riachtanais an phobail talmhaíochta agus tuaithe a chur chun cinn, toisc nach mbaineann na pobail sin mórán úsáide as seirbhísí digiteacha a ceapadh don timpeallacht uirbeach.

3.3. Is éard a bheidh san Ionstraim um Dhigitiú na Tuaithe, ar sásra reachtach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é, fearacht na hIonstraime um Margaí Digiteacha agus na hIonstraime um Sheirbhísí Digiteacha, rialacha, oibleagáidí agus freagrachtaí lena bhfuil de chuspóir a áirithiú go bhfuil rochtain ag limistéir thuaithe na hEorpa ar thionscnaimh, uirlisí agus córais rochtana nach dtugann, mar gheall ar an dlús íseal daonra, aon bhuntáiste eacnamaíoch don infheistíocht phríobháideach. Ar an gcaoi sin, áiritheofar leis an Ionstraim um Dhigitiú na Tuaithe go ndéanfar limistéir thuaithe a dhigitiú, ar limistéir iad ina bhfuil an gá leis an digitiú as alt leis an mbrabús a dhéanfaí as.

3.4. Ar deireadh, beidh an Ionstraim um Dhigitiú na Tuaithe ar an bpíosa reachtaíochta is tábhachtaí maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, an Straitéis "ón bhfeirm go dtí an forc" agus neodracht charbóin na hEorpa in 2050 a bhaint amach, óir ní fhéadfar aistriú go córas bia atá cóir, folláin agus neamhdhíobhálach don chomhshaol mura bhfuil an teicneolaíocht agus an digitiú ar fáil agus inrochtana ag saol na talmhaíochta agus na tuaithe.

3.5. Mar a cuireadh i bhfios go láidir sa tuairim ó CESE *An Digiteáil Chuimsitheach, Shlán agus Iontaofa don Uile Dhuine a nuashonrú* ([6]), ní féidir beag is fiú a dhéanamh den tábhacht a bhaineann leis an digiteáil, toisc gur féidir léi "tacaíocht a thabhairt freisin do shoghluaisteacht bhreise sa mhargadh saothair, an táirgeacht agus an tsolúbthacht sa láthair oibre a fheabhsú agus lánpháirtiú oibre is saoil a chumasú nuair a bhíonn oibrithe ag teilea-oibriú ón mbaile". Chun go dtarlóidh sin, tá gá le riar cuimsitheach scileanna digiteacha, is cuma an i limistéar uirbeach nó i limistéar tuaithe atá cónaí ar na hoibrithe. Mar sin féin, tá bacainní ilghnéitheacha breise ann in áiteanna iargúlta. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go mbeadh an clár oibre tiomnaithe maidir le scileanna digiteacha ann chun tacú le saoránaigh sin na hEorpa a bhfuil cónaí orthu i limistéir thuaithe. Ba cheart don chur chuige sin, a bheidh lárnach san Ionstraim um Dhigitiú na Tuaithe, cabhrú leis an mbearna dhigiteach a dhúnadh agus, ag an am céanna, lántairbhe a bhaint as claochlú digiteach na sochaí.

An Bhruiséil, an 21 Meán Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG

([6]) Tuairim ó CESE *An Digiteáil Chuimsitheach, Shlán agus Iontaofa don Uile Dhuine a nuashonrú*, (IO C 374, 16.9.2021, lch. 11).